

## Caibidil 12 An Oidhreacht Ailtireachta, Seandálaíochta agus Cultúrtha

“An oidhreacht ailtireachta, seandálaíochta agus cultúrtha a chaomhnú, a fheabhsú, a bhainistiú agus a chosaint mar phríomhshócmhainní sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha atá ina gcuid dhílis den chontae agus a chosnaíonn na hacmhainní luachmhara seo trí bhainistíocht cheart, feabhsú íogair agus forbairt chuí. Aitheantas a thabhairt don ról tábhachtach is féidir leis na healaíona agus an cultúr a imirt chun áit a chruthú le bheith mar limistéar tarraingteach chun maireachtáil agus oibriú ann agus chun taitneamh a bhaint as”.

### 12.1 Réamheolas

Tá an oidhreacht chultúrtha chuile áit timpeall orainn, sna foirgnimh inár mbailte agus inár gcathracha, agus sna tírdhreacha, séadchomharthaí agus láithreáin seandálaíochta freisin. Tugann an oidhreacht chultúrtha pobail le chéile agus tógann sí comhthuisctí ar na háiteanna ina bhfuil cónaí orainn. Is cuid thábhachtach dár n-oidhreacht í an Oidhreacht Thógtha agus Chultúrtha, i bhfoirm sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe araon, toisc go dtugann siad deiseanna uathúla do phobail agus don tsochaí foghlaim faoin aimsir atá imithe siar, agus toisc go gcuireann sé leis an mórtas áite, agus, anuas air sin, toisc go cuir dílis í de charachtar agus tarraingteacht an Chontae.

Tá an timpeallacht tógtha ó na céadta bliain ó shin áirithe leis an oidhreacht ailtireachta, chomh maith leis an timpeallacht tógtha ó bhlianta beaga anuas. Cuireann sé ar an eolas muid faoin saol a bhí ag na glúnta atá imithe thart agus cuireann sé le cuma tírdhreacha baile, sráidbhaile agus tuaithe araon. Tá ról lárnach ag an oidhreacht ailtireachta chun ‘áiteanna do dhaoine’ a chruthú go rathúil agus sainchomharthaí inaitheanta a chur i gcrích atá de chuidiú chun an mórtas áite a chur i mbun. Leis an gcomhfhorbairt áite, cuirtear pobail ar a gcumas ról gníomhach a bheith acu i bhforbairt a mbailte, a sráidbhailte agus a gceantar áitiúil féin. Tá sé uilechuimsitheach agus cuireann sé tuairimí éagsúla san áireamh agus cuidíonn sé le daoine saincheisteanna ina réimse féin a mheas agus réitigh a dhearadh dóibh féin. Cuireann sé deiseanna ar fáil atá á iarraidh ag saoránaigh agus cuireann sé comhar gníomhach ar fáil lena n-áirítear machnamh ar a n-oidhreacht agus ar a gcultúr.

Leis an tseandálaíocht. tugtar léargas ar shochaithe agus ar chultúir an aimsir atá imithe trí mheasúnú a dhéanamh ar an ábhar a d’fhág na daoine ó na hamanna sin ina ndiaidh, agus ón fhianaise sa timpeallacht freisin. Déantar imscrúdú ar na tithe, lonnaíochtaí agus tuamaí a bhí ag na daoine siúd, chomh maith leis na huirlisí a d’úsáid siad i gcoitinne. Féachann an tseandálaíocht leis an tírdhreach, an fásra agus an aeráid a bhí ann fadó a thuiscint de réir mar a chuaigh siad i gcion ar na daoine a bhí ann ag an am, agus de réir mar a chuaigh siadsan i bhfeidhm orthu freisin. Soláthraíonn sé acmhainn luachmhar chultúrtha, oideachais agus turasóireachta, chomh maith le mórtas áite tábhachtach a chruthú. I ngach baile fearainn agus paróiste i gcontae na Gaillimhe tá séadchomharthaí le fáil agus adhlaicthe réamhstairiúla, liosanna, toibreacha beannaithe, séipéil pharóiste meánaoiseacha agus reiligí ag gabháil leo, caisleáin ina measc, chomh maith le séadchomharthaí ón aimsir nach bhfuil imithe siar chomh fada sin. Tá os cionn 12,000 séadchomhartha taifeadta sa chontae seo. Is príomhghné den oidhreacht chultúrtha í an tseandálaíocht freisin, atá sainmhínithe ag UNESCO mar

*'oidhreacht déantúsán fisiceach agus tréithe doláimhsithe grúpa nó sochaí atá fágtha ag na glúine a bhí ann san aimsir atá imithe siar, atá fós ann sa lá atá inniu ann agus a dhéantar iad a chaomhnú chun leasa na nglúnta atá fós le teacht'.*

Aithnítear an oidhreacht chultúrtha mar phríomhchuid de tharraingteacht agus sainiúlacht na mbailte, na sráidbhailte agus na gceantar tuaithe. Leis an infheistíocht straitéiseach sa chultúr, san oidhreacht agus sna hEalaíona tugtar aitheantas dó go bhfuil an bonneagar ardchaighdeán ríthábhachtach d'earnáil bhríomhar oidhreachta agus cultúir agus go bhfuil an infheistíocht inár n-oidhreacht chultúrtha mar bhonn agus mar thaca faoin gcomhtháthú sóisialta agus go dtacaíonn sé leis an bhfás eacnamaíoch chomh maith. Tá clú agus cáil ar Ghaillimh, sa tír seo agus ar fud an domhain fiú, mar lárionad oidhreachta, cultúrtha agus Ealaíon. Tá sé mar chuspóir ag an bPlean seo tacú leis an oidhreacht chultúrtha seo agus í a fheabhsú chun a chinntiú gur féidir le cónaitheoirí áitiúla agus le cuairteoirí ar an gContae taitneamh a bhaint aisti agus í a chaomhnú ar mhaithe leis na glúnta atá fós le teacht.

## **12.2 Aidhmeanna Straitéiseacha**

Oibreoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe in éineacht leis na gníomhaireachtaí, comhlachtaí stáit, geallsealbhóirí agus úinéirí talún oiriúnacha chun a chinntiú go ndéantar oidhreacht ailtireachta, seandálaíochta agus cultúrtha an Chontae a chosaint agus a fhorbairt ar bhealach inbhuaine ar aon dul leis na haidhmeanna straitéiseacha seo a leanas:

- Aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann leis go ndéantar an oidhreacht seandálaíochta agus ailtireachta i nGaillimh a aithint, a luacháil agus a chosaint ar mhaithe leis na glúnta atá fós le teacht agus is féidir é sin a dhéanamh tríd an mbainistíocht cheart, an feabhsú íogair agus/nó an fhorbairt iomchuí i leith na hacmhainne seo;
- Déanfaidh an Chomhairle carachtar speisialta oidhreacht ailtireachta na Gaillimhe a chaomhnú, a fheabhsú agus a chosaint trí Struchtúir Chosanta a shaináithint, Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACAanna) a ainmniú, tírdhreacha deartha agus gairdíní stairiúla a chosaint, agus na struchtúir agus gnéithe siúd a chuireann leis an oidhreacht dúchasach, thionsclaíoch agus chósta an Chontae ar bhealach dearfach a shaináithint;
- Aithníonn an Chomhairle go bhfuil cur chuige comhtháite de dhíth don phleanáil chun baile nó sráidbhaile stairiúil a athghiniúint ar bhealach lena ndéantar cosaint na hoidhreachta tógtha agus forbairt inbhuanaithe na gceantar uirbeach stairiúil a chothromú leis na riachtanais saoil sa lá atá inniu ann, agus ina gcuirtear na húdair inní atá ag na páirtithe leasmhara pobail agus lárnaigh, chomh maith leis na mianta atá acu, san áireamh;
- An luach a bhaineann leis an gcomhfhorbairt áite a chur chun cinn agus a fheabhsú i dtaca le timpeallachtaí baile agus sráidbhaile atá ann cheanna féin, agus i dtaca le cinn a bheidh ann amach anseo, araon, trí oidhreacht ailtireachta an Chontae a chaomhnú agus a chosaint agus tríd an fhorbraíocht nua a chomhtháthú;
- Oidhreacht seandálaíochta an Chontae laistigh de limistéar an phlean a chosaint, a thacú agus a chur chun cinn agus í a chaomhnú agus a bhainistiú go cuí chomh maith. Tabhair aird ar an *“Framework and Principles for the Protection of the Archaeological Heritage”* (1999), agus ar an *Convention for the protection of the Archaeological Heritage of Europe (athbhreithnithe) (Valletta, 1992)*, ina bhfuil beartais agus prionsabail leathana maidir le cosaint den oidhreacht seandálaíochta leagtha amach;
- Cuirfidh an Chomhairle an dea-chleachtas chun cinn agus féachfaidh sí le cothabháil chuí a dhéanamh ar na sócmhainní stairiúla atá faoi chúram an údaráis áitiúil de réir mar is féidir ag brath ar acmhainní;

- Tacú le cur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2017-2022 (agus na pleananna a thagann ina dhiaidh) maidir le cur chun cinn agus cosaint Oidhreachta Chultúrtha an chontae;
- Gníomhaíochtaí, áiseanna agus seirbhísí ealaíon agus cultúrtha a fhreastalaíonn ar riachtanais chultúrtha agus ealaíne na bpobal, a thacaíonn le gníomhaíocht chruthaitheach agus a fheabhsaíonn saol cultúrtha, eacnamaíoch agus sóisialta na bpobal i gContae na Gaillimhe a chur chun cinn agus a thacú;
- Téigh i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir (agus go háirithe na pobail áitiúla) maidir le hábhair a bhaineann le cosaint na hoidhreachta ailtireachta, seandálaíochta, cultúrtha, agus leis na hEalaíona;
- An tuiscint atá ar an oidhreacht ailtireachta, seandálaíochta agus cultúrtha sa chontae a ghríosú. Tabharfar aird don tsraith chomhairleach arna eisiúint ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

### 12.3 Comhthéacs Straitéiseach

Is i gcomhthéacs na bPleananna, na bPolasaithe agus na dTreoirínte Náisiúnta agus Réigiúnacha seo a leanas atá an chaibidil seo ullmhaithe:

|  |
|--|
| An Creat Náisiúnta Pleanála – Éire 2040  |
| Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027  |
| Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019  |
| An Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair 2020-2032                                      |
| An Oidhreacht Tógtha agus Seandálaíochta – Plean Oiriúnaithe Earnála um an Athrú Aeráide 2019  |
| Plean Oidhreachta Náisiúnta (2002) agus an Plean Oidhreachta Náisiúnta Nua 2030 (Dréacht 2019)   |
| An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)  |
| Achtanna na Shéadchomharthaí Náisiúnta 1930 - 2014   |
| Acht na hOidhreachta Ailtireachta (Fardal Náisiúnta) agus na Séadchomharthaí Stairiúla (Forálacha Ilghnéitheacha), 1999.                 |
| Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH)   |
| Creat agus Prionsabail chun an Oidhreacht Seandálaíochta a Chosaint (1999); Beartas agus Treoir maidir le Tochailt Seandálaíochta (1999) |
| Beartas an Rialtais i leith na hAiltireachta, 2009-2015  |
| ‘Places for People - National Policy on Architecture’ (Samhain 2019).  |
| Na Treoirínte um an gCosaint Oidhreachta Ailtireachta, 2011  |
| Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH)   |
| Creat agus Prionsabail chun an Oidhreacht Seandálaíochta a Chosaint (1999); Beartas agus Treoir maidir le Tochailt Seandálaíochta (1999) |
| ‘National Policy on Town Defences (DoELG 2008)’  |
| Cultúr 2025: Creat Náisiúnta um Beartas Cultúrtha (2020)   |
| Plean Ealaíon Chontae na Gaillimhe 2020-2024   |
| Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2017 - 2022  |
| Straitéis Chuimhneacháin do Chontae na Gaillimhe 2013-2023   |
| Straitéis Cultúrtha agus Cruthaitheachta do Ghailimh, 2018-2022  |
| Beartas Ealaíne Poiblí 2020 - 2014   |
| Clár Forbartha Leabharlanna na Gaillimhe, 2016-2021  |
| Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chontae na Gaillimhe 2016 – 2022   |
| Everybody Matters: Creat um Straitéis Inbhuanaitheachta Cultúrtha do Ghailimh 2016 - 2025  |

### 12.3.1 An Creat Náisiúnta Pleanála

Tá sé mar aidhm ag an gCreat Náisiúnta Pleanála (NPF) ár n-oidhreacht thógtha, atá tábhachtach agus luachmhar, a chosaint agus a luach a aithint. Tá an NPF bunaithe ar 10 Toradh Straitéiseacha Náisiúnta (NSOanna), agus tábhacht ar leith ag baint le NSO7 a bhfuil sé mar aidhm aige taitneamhacht agus oidhreacht ár gcathracha, ár mbailte, ár sráidbhailte agus na gceantar tuaithe a fheabhsú ionas go bhfeabhsófar iad mar údar mealltacha agus ó thaobh an chaighdeáin beatha de chomh maith. Éileofar le Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta NSO 7 infheistíocht i réimse poiblí dea-dheartha, lena n-áirítear spásanna poiblí, páirceanna agus sráideanna, chomh maith leis an mbonneagar áineasa. Tá sé seo gaolmhar lenár n-oidhreacht thógtha, chultúrtha agus nádúrtha, agus caithfidh sé teacht slán leis, a bhfuil luach intreach aici maidir le carachtar ceantair uirbeacha agus tuaithe a shainiú agus cur lena tarraingteacht agus leis an mórtas áite a ghabhann leo.

San NPF tá an fhís atá i gceist leis d'Éirinn leagtha amach le bheith mar shochaí chruthaitheach, nuálach agus chultúrtha, áit a bhfuil muintir na tíre, a ngnólachtaí agus a bpobail feistithe chun ár n-aschur eacnamaíoch náisiúnta agus ár n-aschur chruthaitheach araon a chur chun cinn. Tá trí Chuspóir Beartais Náisiúnta (NPOanna) eile a bhaineann leis an oidhreacht, is iad sin: NPO 17, NPO 23 agus NPO 60. Is é aidhm NPO 17 ná an luach speisialta fisiceach, sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha a bhaineann le sócmhainní oidhreachta tógtha a fheabhsú, a chomhtháthú agus a chosaint trí iad a úsáid go hiomchuí íogair. Tá sé ar cheann d'aidhmeanna NPO 23 ian tírdhreach nádúrtha agus an oidhreacht thógtha, atá ríthábhachtach don turasóireacht tuaithe, a chothabháil agus a chosaint. Tá sé mar aidhm ag NPO 60 cáilíochtaí saibhre oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha na hÉireann a chaomhnú agus a fheabhsú.

### 12.3.2 An Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach

Tacaíonn an Straitéis Réigiúnach Spásúlachta agus Eacnamaíoch (RSES) le cur chuige coiteann i leith bhainistíocht agus chosaint na hoidhreachta tógtha, nádúrtha agus cultúrtha sa réigiúin. Tá tagairt láidir déanta do luach oidhreachta bhailte agus lonnaithe an réigiúin sa Straitéis. San RSES, aithnítear an tábhacht ar leith a bhaineann leis an Oidhreacht Ailtireachta, an Oidhreacht Seandálaíochta, an Oidhreacht Chultúrtha agus an Athghiniúint faoi Threoir na hOidhreachta, mar atá leagtha amach sna Cuspóirí Beartais Réigiúnacha (RPOanna) seo a leanas: RPO 4.15, RPO 5.8, RPO 5.11, RPO 5.13, RPO 5.14, RPO 5.15, RPO 5.16, RPO 5.17, RPO 6.41, RPO 7.9. Aithnítear sna pleananna le haghaidh an infheistíocht sa chultúr agus san oidhreacht go bhfuil an bonneagar ardchaighdeán ríthábhachtach d'earnáil bhríomhar oidhreachta agus cultúrtha a bheith ann agus go bhfuil an infheistíocht inár n-oidhreacht chultúrtha mar bhonn agus mar thaca leis an gcomhtháthú sóisialta agus go dtacaíonn sé leis an bhfás láidir eacnamaíochta inbhuanaithe. Maidir le cuspóirí beartais réigiúnacha, ar thosaíochtaí sonracha áirítear lárionaid ealaíon agus cultúir a fheabhsú ar fud na tíre, acmhainneacht turasóireachta inbhuanaithe ár mbonneagair chultúir agus oidhreachta a fhorbairt agus bonneagar áineasa allumuigh agus oidhreacht nádúrtha na hÉireann a fheabhsú.

## 12.4 An tAthru Aeráide

Tacú leis an oidhreacht tógtha, an oidhreacht seandálaíochta agus an oidhreacht chultúrtha agus í a fheabhsú chun a chinntiú gur féidir le cónaitheoirí áitiúla agus le cuairteoirí ar an gContae taitneamh a bhaint aisti agus í a chaomhnú ar mhaithe leis na glúnta atá fós le teacht.

Glactar le prionsabail na hathghiniúna faoi stiúir caomhnaithe sa phlean seo agus cuireann an phlean feasacht agus oiriúnú iomchuí d'oidhreacht thógtha agus seandálaíochta na hÉireann chun cinn chun aghaidh a thabhairt don tionchar atá ag an athrú aeráide. Ionchorpraíodh an treoir a leagtar amach sa Phlean Oiriúnaithe Earnála don 'Oidhreacht Tógtha agus Seandálaíochta' sa Phlean d'fhonn cabhrú leis an tionchar atá ag an athrú aeráide ar ár n-oidhreacht tógtha agus seandálaíochta. Tá sé tábhachtach freisin feasacht a chothú faoin mbagairt mhéadaithe don timpeallacht thógtha stairiúil agus don oidhreacht seandálaíochta lena n-áirítear oiriúnú iomchuí atá i gceist leis an athrú aeráide.

Freagraíonn an phlean d'éifeachtúlachtaí fuinnimh reatha an stoic thógála atá ann cheana d'fhonn astaíochtaí GHG a laghdú agus cuidiú leis na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide, 2019 a bhaint amach. Is í an bhuntáiste is mó a bhaineann leis an stoc tógála ná go bhfuiltear in ann í a athchúrsáil le haghaidh úsáide malartacha agus ar an gcaoi sin an gá atá le scartáil agus tógáil a laghdú, agus an dé-ocsaíd charbóin a ghiniúint dá réir.

## **12.5 Comhthéacs na hOidhreachta Ailtireachta**

Is acmhainn uathúil agus speisialta í Oidhreacht Ailtireachta na Gaillimhe. Ní amháin go bhfuil éachtaí iontacha ealaíne san am atá thart inár n-oidhreacht ailtireachta, ach freisin saothair laethúla na ceardaíochta san am atá thart. Baineann oidhreacht ailtireachta le séadchomharthaí, grúpaí foirgneamh agus láithreán, agus folaíonn sí gach struchtúr agus gné ábhartha de dhéantús an duine sa tírdhreach sa chontae; mar thithe, droichid, bhailte, diméin agus ballaí cloiche a bhfuil luach oidhreachta ailtireachta measta iontu.

Tá sé tábhachtach go ndéantar foráil chun cosaint leordhóthanach a chinntiú don timpeallacht thógtha san fhoirm ina bhfuil sé láithreach agus go ndéantar machnamh ar an athúsáid bháúil foirgneamh stairiúil chun go bhféadfar taitneamh agus úsáid a bhaint as an oidhreacht ailtireachta sa todhchaí. Leagfar amach sa Bheartas Náisiúnta nua Ailtireachta atá beartaithe an uailmhian atá ag an Rialtas chun tuiscint níos fearr a fháil ar charachtar, cáilíochtaí, acmhainneacht agus tairbhí ár dtimpeallachta tógtha. Luaitear ann go bhfuil an Ailtireacht agus ár dtimpeallacht thógtha ina ngéithe lárnaacha dár sochaí.

Cumasaíonn údaráis áitiúla, trína bpleananna forbartha cathrach agus contae agus tríd an ainmniú a dhéanamh leis an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta (RPS) agus na Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACAanna) araon, áiteanna a bhfuil luach ailtireachta ag baint leo a chosaint. Ba cheart don dea-bhainistíocht oidhreachta a ionchorprú sa phleanáil spásúlachta chun na buntáistí a bhaineann leis an athghiniúint uirbeach faoi stiúir oidhreachta a chur chun cinn i mbailte stairiúla, mar shampla trí chosaint a dhéanamh ar fhabraic uirbeach stairiúil, athúsáid foirgneamh stairiúla agus feabhsú áiteanna a bhfuil spéis speisialta cultúrtha nó nádúrtha iontu.

### **12.5.1 Struchtúir Atá Faoi Chosaint**

Is éard is struchtúr faoi chosaint ná struchtúr a mheasann an tÚdarás Pleanála go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis ó thaobh ailtireachta, staire, seandálaíochta, ealaíne, cultúir, eolaíche, sóisialta nó teicniúil de. Faoi Chuid IV den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, ní mór don Chomhairle Taifead ar Dhéanmhais Chosanta (RPS) a choinneáil.

Is éard atá i gceist leis an Taifead ar Dhéanmhais Chosanta ná taifead a áirítear i bPlean Forbartha, a bhí cruinn agus ceart tráth ar foilsíodh é. Féadfar é a leasú trí iontrálacha a chur leis nó a scriosadh go neamhspleách ar phróiseas athbhreithnithe an Phlean Forbartha. Ní choisceann úsáid nó forbairt chúil struchtúr a áireamh sa RPS. De réir mar a shainmhínítear an chosaint, cuimsítear leis, maidir le

struchtúr, nó cuid de struchtúr, caomhnú, caomhantas agus feabhsú a dhéanamh atá ar aon dul le cothabháil carachtar agus leas an déanmhais. Cuirtear cosaint ar fáil do na míreanna ag seo:

- a) taobh istigh an struchtúir;
- b) An talamh atá suite laistigh de chúirtealáiste an déanmhais;
- c) Aon déanmhais eile atá suite laistigh den chúirtealáiste sin, agus na daingneáin agus na gnéithe go léir atá áirithe mar chuid den taobh istigh nó den taobh amuigh d'aon struchtúr.

Ní féidir aon oibreacha a dhéanfadh díobháil do charachtar an déanmhais, nó d'aon ghné de a chuireann lena spéis speisialta, a dhéanamh ar struchtúr cosanta gan cead pleanála. Féadfar don úinéir nó don áititheoir struchtúir chosanta iarratas i scríbhinn a chur isteach chuig an Údarás Pleanála chun Dearbhú Alt 57 a eisiúint maidir leis an gcineál oibreacha, sa chás go measann sé go ndéanfadh sé difear ábhartha do charachtar an déanmhais nó d'aon ghné den déanmhas a chuireann lena spéis speisialta.

Is é an aidhm atá le stádas struchtúir chosanta a ainmniú ná chun a dheimhniú go ndéantar aon athruithe ar an bhfoirgneamh agus / nó ar a shuíomh sa chaoi is go gcoinnítear agus go bhfeabhsaítear an carachtar speisialta atá ann. Tá an bealach chun na struchtúr atá le bheith curtha san áireamh sa Taifead a shainaithint bunaithe ar chritéir atá leagtha amach sna Treoirínte um Chosaint Oidhreachta Ailtireachta d'Údaráis Phleanála (2011). Féach Aguisín 6 Taifead ar Dhéanmhais Chosanta.

### **12.5.2 Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta (NIAH) Suirbhéireacht ar Chontae na Gaillimhe**

Is é cuspóir an NIAH ná sampla ionadaíoch d'oidhreacht ailtireachta na hÉireann tar éis 1700 a aithint, a thairneadh agus a mheas, mar uirlis chabhrach chun oidhreacht ailtireachta Chontae na Gaillimhe a chosaint agus a chaomhnú. Scrúdaíonn an suirbhé comhthéacs sóisialta agus stairiúil na struchtúr agus éascaíonn sé tuiscint níos fearr ar oidhreacht ailtireachta Chontae na Gaillimhe. Soláthraíonn an NIAH bunús do mholtaí an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta don údarás pleanála chun struchtúir áirithe a áireamh ina Thaifead ar Struchtúir Chosanta. Tá sé tábhachtach a aithint go gcuireann gach struchtúr, gné agus tírdhreach stairiúil lena n-áirítear iad siúd nach bhfuil san áireamh i dTaifead na Struchtúr Cosanta, le hoidhreacht an chontae. Féachfaidh an Chomhairle le feabhas a chur leis na heilimintí seo chun aitheantas a dhéanamh ar a gcáilíocht, a gcarachtar agus a sainiúlacht áitiúil.

### **12.5.3 Limistéir Caomhantais Ailtireachta**

Is éard is Limistéir Caomhantais Ailtireachta (ACA) ann ná áit, limistéir, grúpa struchtúr nó bailidhreach a bhfuil sainspéis nó luach ann ó thaobh na hailtireachta, na staire, na seandálaíochta, an chultúir, na heolaíochta, na sóisialta nó na teicniúla de, nó a chuireann leis an urraim atá ann ar Struchtúir faoi Chosaint. Féadfar struchtúir faoi chosaint a bheith san áireamh i Limistéir Caomhantais Ailtireachta, ach ní gá dóibh a bheith san áireamh ann. In ACA, cuirtear cosaint ar chuma sheachtrach na limistéir nó na struchtúr sin. Ní mór cead pleanála a fháil sular féidir oibreacha suntasacha a dhéanamh ar an taobh amuigh de struchtúr laistigh d'ACA, a d'fhéadfadh carachtar an déanmhais, nó carachtar an ACA a athrú.

Is féidir gurb ionann ACA agus sráid-dreach iomlán, nó tírdhreach deartha a ghabhann le teach tuaithe, chomh maith le bailte meánaoiseacha, coimpléisc thionsclaíochta, spásanna oscailte deartha, coimpléisc reiligiúnacha gan ach cúpla samplaí a lua. Tá carachtar speisialta ACA comhdhéanta dá gnéithe ailtireachta, a shuíomh, a cháilíochtaí spásúla agus an tslí a n-úsáidfear an talamh ann.

Is féidir leis an tráchtáil agus an trádáil i gContae na Gaillimhe a fheiceáil sa líon suntasach aghaidheanna siopaí bunaidh atá le feiceáil ina bhailte agus sráidbhailte. Tá daoine ag éirí níos eolaí ar an luach atá ag aghaidheanna siopaí ar ardchaighdeán, idir cinn stairiúla agus cinn chomhaimseartha, chun custaiméirí a mhealladh chun teacht go dtí an ceantar agus a ngnó a dhéanamh ann. Tá aghaidheanna siopaí agus comharthaí ríthábhachtach chun carachtar ceantair a fheabhsú agus chun cur leis ar bhealach dearfach.

Beidh sainriachtanais ag gach gnó tráchtála i dtéarmaí aghaidheanna siopaí, comharthaíocht agus fógra. Ba cheart machnamh cúramach a dhéanamh ar dhearadh, ar mhéid agus ar shocrú cúramach na n-eilimintí sin, ionas nach mbainfear ó charachtar an cheantair iad agus caithfear aird faoi leith a thabhairt air seo laistigh de Limistéir Chaomhantais Ailtireachta ainmnithe nuair is cuí.

Mar thoradh ar a bheith ainmnithe mar ACA, tugtar cosaint don chuid is mó den oidhreacht thógtha nach bhfuil oiriúnach le bheith áirithe sa RPS ach a chuireann le carachtar áirithe ceantair, nó atá mar bhonn agus taca le carachtar an cheantair sin.

Tugtar aitheantas do luach foirgneamh inlíonta ar ardchaighdeán agus aghaidheanna siopaí, idir cinn stairiúla agus cinn chomhaimseartha, chun cuairteoirí agus daoine áitiúla a mhealladh chuig lár bailte agus sráidbhaile beoga.

#### **12.5.4 An Ailtireacht Dhúchasach**

Tagraíonn an ailtireacht dhúchasach do na foirmeacha agus na cineálacha traidisiúnta tógála atá déanta le hábhair, scileanna agus teicnící tógála áitiúla atá ina gcuid ríthábhachtach den tírdhreach. Bíonn nasc uathúil déanta idir foirgnimh dhúchasacha, trína suíomh, a dtreoshuíomh agus a n-ábhar, agus an tírdhreach ina bhfuil siad suite. Cuimsítear leis sin foirgnimh thí sa stíl thraidisiúnta mar theachíní tuí ach d'fhéadfadh struchtúir thraidisiúnta eile a bheith áirithe leis freisin mar shampla aghaidheanna siopaí, tithe feirme, foirgnimh lasmuigh, gnéithe den tionscal ón aimsir atá thart, lena n-áirítear áitheanna aoil, muilte, gaibhnithe agus na táirgí a rinneadh iontu, geataí, mar shampla. Tá stair uathúil an cheantair áitiúil agus carachtar na háite le brath sna struchtúir seo. Is féidir cuspóirí úsáide nua inmharthana agus an t-athshlánú cúramach cur leis an bhforbairt inbhuanaithe agus an athghiniúint shóisialta agus eacnamaíoch a spreagadh.

#### **12.5.5 An Chomhforbairt Áite**

Is éard atá i gceist leis an gcomhforbairt áite ná an idirghaolmhaireacht agus an nasc atá idir daoine agus na spásanna a úsáideann siad. Cuimsíonn sé an chaoi a mbogann daoine timpeall áiteanna agus na foirgnimh agus struchtúir atá ann chomh maith leis spás oscailte agus tírdhreach an ceantair. Dá bhrí sin, teastaíonn cur chuige atá dírithe ar dhaoine chun tabhairt faoin bpleanáil, dearadh agus bainistíocht le haghaidh ár lonnaíochtaí agus na timpeallachta tógtha. Mar gheall air, déantar an chothromaíocht a bheith déanta idir caomhnú na fabraice stairiúla agus riachtanais na ndaoine a bhfuil cónaí orthu sa lonnaíocht stairiúil agus a úsáideann í.

Tríd an dearadh ardchaighdeán a chinntiú cuirtear luach lenár mbailte, sráidbhailte agus ceantair tuaithe agus cuirtear feabhas leis an áit agus lenár gcaighdeán maireachtála freisin. Cuirfidh an Plean dearadh ardchaighdeán chun cinn tríd an gcomhtháthú i ngach gné den phlean a spreagadh. Tá an chomhforbairt áite mar nasc ríthábhachtach idir an phleanáil spásúil agus cáilíocht beatha daoine a fheabhsú trí áiteanna tarraingteacha a chruthú chun cónaí nó obair iontu, chun cuairt a thabhairt orthu agus chun infheistíocht a dhéanamh iontu.

### 12.5.6 An Éifeachtacht Fuinnimh agus Struchtúir Tógtha i Slí Thraidisiúnta

Trí athshlánú agus coinneáil chúramach na bhfoirgneamh stairiúil inár dtírdhreacha, bídís tírdhreacha uirbeach nó tuaithe, is féidir leas a bhaint as na hábhair agus an fuinneamh atá leabaithe isteach sna struchtúir seo do na glúine atá ann faoi láthair agus do na glúine atá fós le teacht araon.

Caithfidh tograí chun feidhmíocht theirmeach foirgneamh stairiúil a fheabhsú agus teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a chur isteach a bheith íogair do mhodhanna traidisiúnta tógála lena chinntiú go bhfuil na hoibreacha beartaithe comhoiriúnach leis an modh a nglacadh leis go traidisiúnta chun ligean don taise a bheith ionsaithe agus a scaoileadh go héasca. Tá aeráil na spásanna inmheánacha tábhachtach mar fheidhm toisc go ligtear don fhoirgneamh anáil dá bharr. D'fhéadfadh iarmhairtí dochracha neamhbheartaithe a bheith ag idirghabhálacha ar nós táirgí foirgnimh neamh-thréscaoilteacha d'fhoirgnimh thraidisiúnta stairiúla.

Breithneofar suíomh na bpainéal gréine, na dtuirbíní gaoithe nó teicneolaíochtaí in-athnuaite eile go cúramach sa timpeallacht stairiúil. Is féidir riosca níos mó a bheith ann mar gheall ar an athrú aeráide, idir teagmhais stoirmeacha, tuilte agus gaoithe nach mbeadh na struchtúir stairiúla in ann iad a sheasamh. Is féidir le pleananna Bainistíochta Riosca um Theagmhais cuidiú chun aghaidh a thabhairt d'fhadhbanna agus ann t-ullmhacht a chur chun cinn.

### 12.5.7 Tírdhreacha Sain-Deartha

Is éard atá i gceist le tírdhreacha saindeartha stairiúla ná gairdíní, páirceanna nó eastáit a leagadh amach d'aon ghnó chun éifeacht ar leith a chruthú. Cruthaítear comhdhéanamh ailtireachta agus gairneoireachta trí ghnéithe a úsáid, mar shampla folláin chun brístí a fhoirmiú, cúrsaí abhann a athrú chun lochanna a fhoirmiú, gairdíní múrtha a thógáil chun limistéir dhídeanacha a chruthú. Is éard atá i gceist leis na tírdhreacha saindeartha i nGaillimh, den chuid is mó, ná diméin a ghabhann le tithe móra tuaithe agus is minic gurb ionann iad agus an láithreán ina bhfuil struchtúr faoi chosaint suite.

Cuirfidh an Chomhairle feasacht ar luach tírdhreacha deartha agus na gnéithe gaolmhara chun cinn agus tá sé tábhachtach caighdeán a chur chun cinn maidir le deisiú agus caomhnú. Beidh measúnuithe agus suirbhéireacht ar na suíomhanna íogaire seo lena n-áirítear gairdíní stairiúla, diméin agus eastáit, chomh maith leis na suíomhanna ina bhfuil siad suite, chun tograí forbartha sna tírdhreacha saindeartha sin a mheas chun aon tionchar féideartha ar luach na hoidhreachta atá ann a mheas.

### 12.5.8 An Oidhreacht Tionscail, Talmhaíochta agus Cósta

Is sócmhainní stairiúla iad oidhreacht thionscail muilte, canálacha agus iarnród, chomh maith leis an líonra bóithre agus droichid a raibh tionchar suntasach acu ar fhoirm agus ar charachtar an Chontae agus is féidir iad a oiriúnú chun freastal ar riachtanais na nua-aoise. Is furasta foirgnimh a bhaineann le gníomhaíochtaí talmhaíochta a aithint sna lonnaíochtaí inár dtimpeallach. Is fianaise de chultúr muirí gnóthach iad céanna agus cuanta ar an gcósta agus ar aibhneacha.

#### Cuspóirí Beartais - An Oidhreacht Ailtireachta

##### AH 1 An Oidhreacht Ailtireachta

Cosaint oidhreacht ailtireachta Chontae na Gaillimhe a chinntiú atá ina acmhainn uathúil agus speisialta, ag féachaint don treoir bheartais atá sna Treoirlínte um Chosaint Oidhreachta Ailtireachta 2011 (agus aon doiciméad nuashonraithe / a bhí ann cheanna roimhe).



## **AH 2                    Struchtúir Faoi Chosaint (Féach Aguisín 6)**

(a) Cosaint agus feabhsú báúil na struchtúr a chinntiú lena n-áirítear a gcúirtealáiste agus na forais a ghabhann leo a chuimsítear agus a mholtar a bheith cuimsithe sa Taifead ar Dhéanamhais Chosanta (RPS) atá suimiúil ar bhonn ar leith ó thaobh ailtireachta, stairel, seandálaíochta, ealaíona, cultúrtha, eolaíochta, sóisialta nó teicniúla de, mar aon le carachtar iomlán agus suíomh an struchtúir.

(b) Athbhreithniú a dhéanamh ar an Taifead ar Dhéanamhais Chosanta d'fhonn sceideal cuimsitheach a sholáthar chun struchtúir sa Chontae a bhfuil tábhacht speisialta acu a chosaint le linn shaolré an phlean.

(c) A chinntiú go bhfuil tograí forbartha oiriúnach i dtéarmaí cóireála ailtireachta, carachtar, scála agus foirm don struchtúr cosanta atá ann agus nach ndéanann siad dochar do charachtar agus sláine speisialta an struchtúir chosanta agus a shuíomh.

(d) Dearadh ailtireachta ardchaighdeáin a chinntiú do gach forbairt nua a bhaineann le struchtúir (agus a suíomhanna) nó a bhféadfadh tionchar a bheith acu orthu atá san áireamh sa Taifead ar Struchtúir Chosanta.

(e) An dea-chleachtas caomhnaithe a chur chun cinn agus a chinntiú trí ghairmithe speisialaithe caomhnaithe agus an lucht ceardaíochta a fhostú.

(f) Toirmeasc a chur ar thograí forbartha, go hiomlán nó go páirteach, chun struchtúir chosanta a scartáil, ach amháin in imthosca eisceachtúla.

## **AH 3                    Struchtúr a Chosaint ar an NIAH**

Aird agus ábharthacht a thabhairt do na struchtúir uile atá san áireamh san NIAH do Chontae na Gaillimhe ach nach bhfuil áirithe sa Taifead ar Dhéanamhais Cosanta, i bhfeidhmeanna bainistíochta forbartha.

## **AH 4                    Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (Féach Aguisín 7)**

Carachtar speisialta na Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACA) a chuimsítear sa phlean seo a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú trí bhainistíocht agus rialú cuí ar dheardh, suíomh agus leagan amach na forbraíochtaí nua, na modhnuithe, na n-athruithe nó síntí a chur le struchtúir ceapacha stairiúla agus patrúin sráide atá fós ann agus / nó modhnuithe a chur le carachtar nó le suíomh an Limistéir Chaomhantais Ailtireachta. Cinnteoidh oibreacha laistigh den ACA go gcaomhnófar gnéithe traidisiúnta agus eilimintí tógála a chuireann le carachtar an cheantair. Cuimsíonn carachtar speisialta ceantair a stoc tógála traidisiúnta agus bailchríocha ábhair, spásanna, sráid-dreach, aghaidheanna siopaí, tírdhreach agus suíomh. Tabharfar aird iomchuí i dtograí nua ar scála, plota, foirm, mais, dearadh, ábhair, dathanna agus feidhm.

Chun é sin a bhaint amach, tabharfar faoi na bearta seo a leanas:

(a) Gach foirgneamh, struchtúr, grúpa struchtúr, láithreán, tírdhreach agus gach gné a chuireann le carachtar speisialta an ACA a chosaint ar scartáil agus ar athruithe neamh-báúil.

(b) Athúsáid agus athshlánú oiriúnach agus íogair foirgneamh agus láithreán laistigh den ACA a chur chun cinn.

(c) A chinntiú go ndéantar le haon fhorbraíocht nua atá laistigh de ACA, nó in aice leis, carachtar seanbhunaithe an cheantair a urramú agus go gcuireann sé go dearfach leis an ACA i dtéarmaí dearaidh, scála, suíomh agus ábhair chríochnaithe.

(d) An dearadh ailtireachta ardchaighdeáin laistigh de ACAanna a chur chun cinn.

(e) Iarracht a dhéanamh aghaidheanna siopaí traidisiúnta a dheisiú agus a athúsáid nuair is iomchuí, agus daoine a ghríosú chun aghaidheanna siopaí nua a chur suas ar aon dul leis an dearadh ailtireachta ardchaighdeáin.

(f) A chinntiú go ndéantar an comharthaíocht, an soilsiú, an fhógraíocht agus na fóntais nua go léir i bhfoirgnimh laistigh de ACA a dheardh, a thógáil agus a lonnú ar bhealach nach mbaineann siad ó charachtar an ACA.

(g) Cáilíocht spásanna oscailte laistigh de ACAanna a chosaint agus a fheabhsú agus a chinntiú go ndéantar troscán sráide a athúsáid agus ábhair iomchuí a úsáid le linn scéimeanna bonneagair phoiblí laistigh d'ACCAanna.

(h) Toirmeasc a chur ar thograí forbartha, go hiomlán nó go páirteach chun struchtúr a scartáil laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta a chuireann le carachtar speisialta an cheantair.

(i) Struchtúir in ACAanna a chosaint ar athruithe neamh-chomhbhrónacha agus forbairtí inlíonta iomchuí a spreagadh.

(j) Beidh cead pleanála ag teastáil ó oibreacha a mbeidh tionchar ábhartha acu ar charachtar struchtúir chosanta nó ar an taobh amuigh d'fhoirgneamh/déanamhas atá lonnaithe laistigh de ACA;

(k) Beidh aon oibreacha a dhéantar ar struchtúr cosanta nó ar an taobh amuigh d'fhoirgneamh / déanamhas laistigh de ACA ag teacht slán leis an dea-chleachtas caomhnaithe agus úsáidfear ábhair inbhuanaithe agus iomchuí iontu freisin.

(l) A chinntiú go bhfuil aon fhorbraíocht, modhnuithe, athruithe nó síntí a théann i bhfeidhm go hábhartha ar charachtar struchtúir atá faoi chosaint, nó ar struchtúr atá taobh le struchtúr faoi chosaint, nó ar struchtúr laistigh de Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA) nó in aice leis lonnaithe agus deartha go cuí agus nach ndéanann sé dochar do charachtar nó do shuíomh an déanmhais faoi chosaint ná don ACA.

#### **AH 5 Cothabháil agus Athúsáid an Stoic Foirgníochta atá ann cheana féin**

Cothabháil agus athúsáid iomchuí an stoic foirgneamh atá ann cheana agus a bhfuil fiúntas ailtireachta ag gabháil leo a chur chun cinn mar rogha níos inbhuanaithe in ionad iad a leagadh agus a athógáil.

#### **AH 6 An Ailtireacht Dhúchasach**

Aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann leis an méid a gcuireann an ailtireacht dhúchasach le carachtar na háite agus cosaint, coinneáil, athbheochan agus athúsáid iomchuí na hoidhreachta tógtha dúchasaí a chinntiú lena n-áirítear struchtúir a chuireann le carachtar tírdhreacha agus bailedhreacha, agus, chomh maith leis sin iarracht a dhéanamh gan déanmhais dá leithéid a leagadh.

#### **AH 7 Logainmneacha Áitiúla**

Logainmneacha áitiúla a chosaint mar chuid thábhachtach d'oidhreacht chultúrtha agus carachtar uathúil an cheantair. Tacú le húsáid ainmneacha oiriúnacha le haghaidh forbraíochtaí nua a léiríonn carachtar agus oidhreacht an cheantair agus a chuireann leis na gnéithe uathúla a ghabhann leis an áit ar leith.

#### **AH 8 An Éifeachtacht Fuinnimh agus Struchtúir Tógtha i Slí Thraidisiúnta**

A chinntiú go bhfuil na bearta chun éifeachtúlacht fuinnimh struchtúir faoi chosaint agus struchtúir atá tógtha sa tsean-stíl araon a uasghrádú íogair do mhodhanna tógála traidisiúnta, go nglactar leis an dea-chleachtas agus le hábhair agus modhanna iomchuí nach mbeidh drochthionchar acu ar ábhar, ar fheidhmiú nó ar charachtar an fhoirgnimh.

#### **AH 9 An Measúnú Áitiúil Tírdhreacha agus Áite**

Tacú le tograí ó phobail áitiúla lena n-áirítear Coistí na mBailte Slachtmhara, Cumainn Tráchtála agus grúpaí cónaitheoirí chun anailís a dhéanamh ar charachtar a n-áite agus chun athghiniúint na háite a chur chun cinn, ar mhaithe le muintir na háite chomh maith le daoine a thugann cuairt ar an gceantar.

#### **AH 10 Tírdhreacha Sain-Deartha**

Na tírdhreacha deartha stairiúla atá fós ina seasamh sa Chontae a chosaint agus caomhnú charachtar croilárnach na dtírdhreacha sin a chur chun cinn, idir tírdhreacha tógtha agus nádúrtha

araon. Cuir cosaint an tírdhreacha deartha san áireamh agus í a chuimsiú i Limistéar Caomhantais Ailtireachta.

Beidh breithmheas ar na gnéithe rannpháirteacha agus measúnú iarmharta ag gabháil le tograí forbraíochta i dtírdhreach deartha.

**AH 11 An Chaomhnóireacht**

Cur chuige idirdhisciplíneach a chur chun cinn chun an dea-chleachtas i leith chaomhnú struchtúir faoi chosaint, séadchomharthaí taifeadta agus gnéithe den oidhreacht thógtha.

**AH 12 An Chomhfhorbairt Áite i mBailte agus i Sráidbhailte**

An luach a ghabhann leis an áit ar leith a chur chun cinn i gcomhar le muintir na háite ina mbailte féin, ina sráidbhailte féin agus ina gceantair áitiúla féin.

**AH 13 Scileanna Foirgníochta Dúchasacha**

Tacú agus cur chun cinn scileanna tógála traidisiúnta, oiliúint agus feacht ar úsáid ábhair agus scileanna oiriúnacha laistigh den Údarás Áitiúil, grúpaí pobail, úinéirí agus áititheoirí struchtúir a tógadh go traidisiúnta.

**AH 14 An Dearadh agus an Tírdhreachú i bhFoirgnimh Nua**

Foirgnimh nua a spreagadh a chothaíonn cur chuige nuálach i leith dearadh agus a thugann aitheantas d'éagsúlacht réitigh oiriúnacha dearaidh in áiteanna oiriúnacha agus luach breise eacnamaíochta, taitneamhachta agus comhshaoil dea-dhearaidh á chur chun cinn.

## 12.6 An Oidhreacht Seandálaíochta

Cuimsíonn oidhreacht seandálaíochta Chontae na Gaillimhe struchtúir, foirngnimh thógtha, grúpaí foirgneamh, láithreáin fhorbartha, láithreáin, pluaiséanna, gnéithe nó earraí iniompartha agus gach séadchomhartha taifeadta chomh maith lena gcomhthéacsanna, agus rudaí so-ghluaiste, suite ar thalamh agus faoi uisce nó atá suite sna criosanna idir taoide.

Soláthraíonn iarsmaí seandálaíochta faisnéis luachmhar faoin aimsir atá imithe thart agus faoi na daoine a bhí ina gcónaí san áit seo timpeall orainn. Leis an oidhreacht seandálaíochta seo atá saibhir agus luachmhar, tá acmhainn curtha ar fáil atá luachmhar ó thaobh cultúrtha, oideachais agus turasóireachta de, chomh maith le mórtas áite tábhachtach. Tá carachtar agus rannchuidiú uathúil ag gach láithreán agus séadchomhartha le tírdhreach an Chontae agus cuireann sé brí lenár dtuiscint ar an gcomhshaoil. Tá sé ríthábhachtach na hiarsmaí seandálaíochta a bhainistiú go hiomchuí chun a chinntiú go mairfidh na gnéithe luachmhara seo.

Le himeacht aimsire tá roinnt suíomhanna imithe, maireann cuid eile faoi dhromchla reatha na talún gan rian ar bith a fheiceáil nó athmhúnlú laistigh d'fhoirgnimh níos nua-aimseartha nó seasann siad mar shéadchomharthaí iontu féin.

Tá freagrachtaí ar leith ar an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta as ár n-oidhreacht seandálaíochta a aithint agus a chosaint tríd Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta. Comhlíonann an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta na dualgais seo maidir le láithreáin agus séadchomharthaí agus tá a cuid beartas leagtha amach in *“Frameworks and Principles for the Protection of the Archaeological Heritage (1999)”* agus i gcáipéisí bheartais eile.

### 12.6.1 Cosaint do Shéadchomharthaí

Is féidir Séadchomhartha a chosaint ar aon cheann de na cúig bhealach ag seo a leanas:

- a) Tá sé sa Taifead ar Shéadchomharthaí agus Láithreáin (RMP).
- b) Tá sé cláraithe i gClár na Séadchomharthaí Stairiúla (RHM).
- c) Is séadchomhartha Náisiúnta é atá faoi réir ordú caomhnaithe (nó ordú caomhnaithe sealadach).
- d) Is séadchomhartha Náisiúnta é atá faoi úinéireacht nó faoi chaomhnóireacht an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta nó Údaráis Áitiúil.
